# Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/cúramóirí maidir le OSPS/OCG

Is freagracht chomhroinnte é OSPS/OCG nach dtosaíonn, ná nach gcríochnaíonn, sa seomra ranga. Is éifeachtaí é nuair a ghlactar cur chuige comhpháirtíochta idir an scoil agus an teaghlach. Is éard atá i gceist leis sin ná dul i mbun cumarsáid rialta d'fhonn teacht ar comhthuiscint maidir leis an ról atá ag OSPS san oideachas do dhaoine óga agus an luach a bhaineann leis.

## Roinnt ceisteanna le cur san áireamh

D'fhéadfaí deiseanna chun dul i mbun cumarsáide le tuismitheoirí maidir le cúrsaí OSPS/OCG a chur leis na ceisteanna seo i gcaitheamh na scoilbhliana. Níl anseo ach roinnt moltaí.

## Cruinnithe

Déan cuimhneamh ar fhaisnéis maidir le OSPS/OCG a chur san áireamh mar chuid de sheisiúin eolais sa tráthnóna le tuismitheoirí, óir is bealach tábhachtach é sin lena thábhachtaí atá OSPS i do scoil a chur in iúl. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart do mhúinteoirí OSPS a bheith ar fáil chun bualadh le tuismitheoirí mar chuid de chruinnithe tuismitheora-múinteora. A bhuí leis na cruinnithe seo, beidh an deis agat, mar mhúinteoir, raon feidhme churaclam OSPS/OCG a roinnt agus dul chun cinn foghlama a phlé. Lena chois sin, beidh an deis ag tuismitheoirí sna cruinnithe sin plé a dhéanamh ar shaincheisteanna nó ar dhúshláin ar leith a bhféadfadh a ndéagóirí féin a bheith ag dul i ngleic leo, rud a d'fhéadfadh cabhrú leat agus tú i mbun pleanála don fhoghlaim agus don teagasc in OSPS amach anseo.

## Comhairliúchán

Ní mór an phleanáil don fhoghlaim agus don teagasc in OSPS a bheith fréamhaithe i bhfior-riachtanais aitheanta an scoláire. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go rachfaí i gcomhairle le daoine óga maidir leis na gnéithe ar gá dóibh foghlaim fúthu in OSPS. D'fhéadfaí achoimre de na riachtanais arna sainaithint ag an scoláire a chur i láthair do thuismitheoirí agus í a úsáid mar bhonn le ceardlann ardú feasachta agus mar bhonn le comhairliúchán le tuismitheoirí. De rogha air sin, d'fhéadfaí na torthaí ó na comhairliúcháin leis an scoláire a scaipeadh le tuismitheoirí go leictreonach i dteannta suirbhé don tuismitheoir ina n-iarrfaí orthu a chur in iúl cad iad na gnéithe ar mór acu iad agus ar maith leo go bhfoghlaimeodh a bpáiste in OSPS/OCG. Chuige sin, is den tábhacht é comhordú a dhéanamh le comhairliúcháin agus le pleanáil eile i gcomhthéacs folláine.

## Ceardlanna

D'fhéadfadh seisiúin/ceardlanna faisnéise a chuirtear ar siúl ó am go chéile maidir le gnéithe sonracha de OSPS/OCG cabhrú le tuismitheoirí tuiscint a fháil ar riachtanais an duine óig sa lá atá inniu ann agus tacú leo forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna agus eolais féin, rud a chabhródh leo labhairt lena bpáistí sna déaga. Ar na hábhair a d'fhéadfaí a roghnú agus ceardlann á heagrú, tá: meabhairshláinte an aosa óig; mí-úsáid substaintí; na meáin shóisialta a láimhseáil; agus gnéithe a bhaineann leis an oideachas caidrimh agus gnéasachta. D'fhéadfadh Cumann na dTuismitheoirí páirt a ghlacadh agus ábhair ábhartha á sainaithint agus in eagrú na n-imeachtaí sin.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/cúramóirí maidir le OSPS/OCG

### Sampla de chleachtas éifeachtach

Cleachtas an-éifeachtach is ea an cleachtas seo a leanas maidir le rannpháirtíocht dhearfach an tuismitheora in OSPS a ghríosú.

Ar dtús, bailigh fianaise ar iompar agus ar dhearcthaí daoine óga maidir le hábhar a gcuireann tuismitheoirí spéis ann. D'fhéadfaí an fhianaise seo a aimsiú i dtuarascálacha taighde, amhail: tuarascáil 2020 Health Behaviour in School-aged Children (HBSC) atá bunaithe ar shonraí a bailíodh ó dhaoine óga idir 10-17 mbliana d'aois in Éirinn; an suirbhé is mó in Éirinn ar mheabhairshláinte agus folláine an aosa óig My World Survey (2019); nó taighde ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta Talking about sex and sexual behaviour of young people in Ireland.

Ansin, déan suirbhé a cheapadh d'fhonn faisnéis a bhailiú maidir le gnéithe a bhaineann le hiompar agus dearcthaí an scoláire. Tá sé tábhachtach go mbeadh sé sin anaithnid.

Oscail plé leis an scoláire bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé agus déan comparáid idir na torthaí ar an leibhéal náisiúnta agus iad siúd ar an leibhéal áitiúil. Déan plé ar na torthaí ar leith a chuir iontas ar na scoláirí nó ar ábhair spéise leo iad.

Eagraigh cruinniú don tuismitheoir inar féidir na sonraí a bailíodh a chomhroinnt agus a úsáid mar bhonn plé. Is dócha go gcuirfeadh tuismitheoirí an-spéis ar fad sna torthaí a bhfuil baint acu lena bpáistí féin.

### Tabhair foinsí eolais

Tabhair naisc don tuismitheoir chuig suíomhanna gréasáin áisiúla agus chuig foinsí faisnéise a bhaineann le OSPS/OCG trína gcur ar shuíomh gréasáin na scoile, sa nuachtlitir, i dteachtaireachtaí téacs agus ar uirlisí cumarsáide eile.  Ba cheart acmhainní agus seirbhísí tacaíochta an phobail/áitiúla a roinnt leis an tuismitheoir freisin. Chuige sin, d'fhéadfá cuimhneamh a dhéanamh ar spás ar leith a bhunú do OSPS ar shuíomh gréasáin na scoile.

### Glór a thabhairt don uile dhuine

D'fhéadfadh sé nach mbeadh scríobh ná léamh ag roinnt tuismitheoirí nó nach mbeadh Gaeilge ná Béarla ó dhúchas acu agus, mar sin, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an gcineál comhairliúcháin agus cumarsáide a d'fhéadfadh freastal ar riachtanas an uile dhuine. Ar an gcaoi chéanna, tá sé tábhachtach go gcuimhneofaí ar thuismitheoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag a gcuid páistí agus ar an tuismitheoir a bhféadfadh páiste a bheith air nó uirthi a aithníonn é nó í féin mar dhuine trasinscneach agus go ndéanfaí plé ar na bealaí trínar féidir le clár OSPS/OCG freastal, go híogair, ar riachtanais shonracha a bpáistí.

### Rannpháirtíocht san athbhreithniú ar an mBeartas um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)

Tá rannpháirtíocht an tuismitheora san athbhreithniú ar bheartas OCG na scoile tábhachtach d'fhonn cur chuige rannpháirtíochta i leith OCG a fhorbairt. Is féidir ról a bheith ag Cumann na dTuismitheoirí maidir le haiseolas a éascú ó phobal na dtuismitheoirí i gcoitinne.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/cúramóirí maidir le OSPS/OCG

## Noda eolais don tuismitheoir agus don chúramóir

**Coinnigh simplí é:** Bain úsáid as deiseanna a thagann chun cinn go nádúrtha chun plé a thosú, mar shampla rud a chonaic tú sna meáin. A mhéid agus is féidir, déan gach iarracht cás 'caithfimid focal a bheith againn' a sheachaint. Imigh libh ar shiúlóid, ar thuras sa charr nó tabhair cuairt ar chaifé le chéile agus cruthaigh deiseanna do do pháiste labhairt faoi rud ar bith atá ar siúl ina s(h)aol faoi láthair.

**Bí cróga:** Ní gá duit a bheith i do shaineolaí agus ní gá eolas a bheith agat ar gach uile rud.

**Bí réamhghníomhach:** Bí ag labhairt le do dhéagóir an t-am ar fad, ní hamháin nuair a thiteann saincheisteanna/fadhbanna amach.

**Déan dada, ach amháin éist:** Bí ag éisteacht le do pháiste. Is é sin an rud is tábhachtaí a dhéanfá dó nó di riamh. Ná géill don chathú an iomarca ceisteanna a chur ná don chathú do thuairimí, do dhearcthaí agus do mhothúcháin féin a chur in iúl láithreach. Déan machnamh ar uair a mhothaigh tú gur éist duine leat i ndáiríre. Cad a rinne siad? Déan aithris air sin!

**Bíodh tuiscint agat ar a gcuid mothúchán agus léirigh comhbhá dóibh:** Déan iarracht éisteacht lena gcuid mothúchán agus tú ag éisteacht lena bhfuil á rá acu. Cuir na mothúcháin a thugann tú faoi deara in iúl trí nathanna amhail 'dealraíonn sé go bhfuil sé sin ina ábhar imní duit' nó 'is cosúil go bhfuil sé sin ag goilleadh go mór ort' a úsáid.

**Roinn do chuid gaoise:** Tá ciall luachmhar cheannaithe agat ón saol agus tá luachanna agat arbh fhiú iad a roinnt le do pháiste. É sin ráite, tá do pháiste ag fás aníos i ndomhan atá difriúil ón domhan inar fhás tú féin aníos, agus d'fhéadfadh sé go bhfuil sé nó sí ag iarraidh dul i ngleic le dúshláin agus cásanna nach raibh ort dul i ngleic leo. Sin é an fáth a bhfuil an éisteacht chomh tábhachtach sin.

**Lig dóibh an fhadhb a fhuascailt:** Ná déan iarracht a gcuid fadhbanna a réiteach ar a son. Tabhair le fios do do dhéagóir go bhfuil muinín agat go ndéanfadh sé/sí cinntí maithe.

**Meabhraigh dóibh go bhfuil tú ann dóibh:** Cuir in iúl do do pháiste arís agus arís eile go bhfuil tú ann chun an fód a sheasamh leo, agus go bhfuil grá gan choinníoll agat dóibh, fiú nuair atá dul amú orthu.

**Ná cuir brú air nó uirthi:** Má tá leisce orthu labhairt, ná bí á gcrá agus ná tarraing aird air sin. Déan dada seachas leanúint ort den chineáltas agus den ghrá a thaispeánann tú. Go mion minic, is trí na rudaí beaga bídeacha a chothaímid atmaisféar níos dearfaí, rudaí ar nós barróg a rugadh orthu, bosóg beag a bhualadh ar a ndroim, cnag a bhualadh ar dhoras an tseomra leapa roimh duit dul isteach, nó an béile is fearr leo a ullmhú.

Acmhainní úsáideacha eile:

Tá faisnéis áisiúil do thuismitheoirí agus do chúramóirí maidir le comhrá a dhéanamh lena bpáistí ar an suíomh gréasáin **b4udecide.ie** agus ar **sexualwellbeing.ie,** mar aon le naisc chuig cláir oiliúna arna dtairiscint ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus ag Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann.

Tá faisnéis agus comhairle ar fáil do thuismitheoirí/chúramóirí ar Chuid 5 d'uirlisí úsáide TUSLA Healthy Sexuality and Relationships toolkit.

# Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/cúramóirí maidir le OSPS/OCG

## Ag dul i ngleic le hábhair imní an tuismitheora maidir le gnéithe OSPS/OCG

Cé gur fíor go dtuigeann an chuid is mó de thuismitheoirí an luach a bhaineann leis an bhfoghlaim sa seomra ranga in OSPS, tá roinnt tuismitheoirí ann a d'fhéadfadh ábhair imní a chur in iúl nó, i gcúinsí annamha, a d'fhéadfadh a iarraidh go ndéanfaí a bpáiste a tharraingt as an rang. D'fhéadfadh sé sin tarlú mar gheall ar an iliomad cúiseanna agus d'fhéadfaí na hábhair imní sin a fhuascailt ach cumarsáid mheasúil agus neamhbhreithiúnach a bheith ann.

I measc na moltaí maidir le dul i ngleic leis na hábhair imní sin, áirítear a bheith sásta bualadh leis na tuismitheoirí duine le duine chun an clár a phlé ós rud é go bhféadfadh na hábhair imní sin a bheith bunaithe ar an easpa faisnéise nó, fiú, ar bhréagfhaisnéis. Chuige sin, déan cuimhneamh ar an oifigeach teagmhála baile is scoile nó ar eagraíocht de chuid an phobail áitiúil a d'fhéadfadh gaol a bheith ag an teaghlach leis nó léi a chur san áireamh. D'fhéadfadh sé sin cabhrú leat agus tú ag iarraidh a chur in iúl do thuismitheoirí a thábhachtaí atá clár OSPS/OCG ó thaobh tacú lena bpáiste agus é/í a chosaint.

Dá dtarlódh nach dtiocfaí ar comhthuiscint maidir leis an luach a bhaineann le OSPS/OCG, tá sé de cheart ag tuismitheoirí/cúramóirí a iarraidh nach mbeadh a bpáiste rannpháirteach in OSPS/OCG (nó i gcodanna de), de réir mar is amhlaidh an cás maidir le gné ar bith eile den churaclam.